



**TIPPERARY HISTORICAL JOURNAL  
1988**

**© County Tipperary Historical Society**

**[www.tipperarylibraries.ie/thc](http://www.tipperarylibraries.ie/thc)  
[society@tipperarylibraries.ie](mailto:society@tipperarylibraries.ie)**

**ISSN 0791-0665**

# AN TRIAN MEÁNACH

*Le Pádraig O Cearbhaill*

Ainm barúntachta é An Trian Meánach, Middlethird. Ba haonaid riaracháin iad na barúntachtaí a d'eascair as an mbunaonad riaracháin, an cantred, a bhíodh in úsáid ag na hAngla-Normannaigh chun a gcuid tailte a riaradh. De thoradh ar athghabháil na nGael sa 14ú haois ach go háirithe a tharla an t-athrú seo ar na haonaid riaracháin go príomha (*Empey*, 1985, 91). Den chuid is mó laistigh de Contae Thiobraid Arann, ní hionann teorainneacha barúntachta agus teorainneacha cantred (*Empey*, 1970, 22; *Empey*, 1985) agus ní taise don Trian Meánach.

Is í an tagairt is sine don logainm atá agam ná iontráil in Annála Uladh agus Annála Connacht faoin mbliain 1514: 'Loiscis (i. Semas mac Iarla Desmumon) an Trian Medhonac co himlan' (*AConn*. 626). Ceantar is brí le trian sa gcomhthéacs seo.<sup>1</sup> Sílim gur léiriú ar an mbrí é an sampla seo leanas as Annála Rioghachta Eireann faoin mbliain 1581: 'trian cluana meala agus . . . an trian meadhonach' (*ARE V*. 1756). Deirtear gur barúntacht é don chéad uair i gcáipéis riaracháin sa bhliain 1592: 'The Barony of Middlethird alias Treanemeanaghe' (*COD VI*.51).

Léireoidh mé ar ball a líonmhaire atá ainmneacha angla-normannacha i logainmneacha an cheantair seo, ach ar dtús báire ní mór tionchar seo na nAngla-Normannach a chur i gcomhthéacs an chlaochlaithe ar an daonra a bhí ag titim amach i lár agus i ndeisceart an chontae sa 13ú haois ach go háirithe. Mar seo a chuireann údar amháin an leath theas i gcomparáid le tuaisceart an chontae sa tréimhse seo: 'Here (sa leath theas) the intensity of both manorial and urban settlement penetrated and disrupted the actual occupation of the land — as opposed to superficial changes at aristocratic levels . . . ' (*Empey*, 1985, 82). Tugadh a lán cóilínithe isteach sa cheantar seo chun an talamh a bhí gafa ag an lucht míleata a sheilbhiú agus a shaothrú. Dá thoradh seo a deir an t-údar céanna: 'the ethnic composition of the county was altered significantly, particularly in central and southern regions' (*Empey*, 1985, 82).

Fillimís anois ar logainmneacha na barúntachta. Maidir leis na bailte fearainn a bhfuil sloinne mar chuid dílis díobh nó a raibh sloinnnte mar mhír iontu tráth, d'áireoinn 68 sloinne neamhghaelach, le hais 19 sloinne gaelach. Is ionann sin is a rá go bhfuil nach mór a cheithre oiread de shloinnnte de bhunús 'gallda' ann is atá de shloinnnte gaelacha. Is fiú an líon seo a chur i gcomparáid le Contae Luimnigh; tá timpeall a dhá oiread de shloinnnte gaelacha i mbailte fearainn an chontae sin is atá de shloinnnte eile.<sup>2</sup>

I gcás na mbailte fearainn a bhfuil ainmneacha dílse mar mhír iontu, tá na staitisticí éagsúil go maith; 21 logainm le hainmneacha dílse gaelacha atá áirithe agam le hais 11 logainm le hainmneacha dílse angla-normannacha. Ní mór a chur san áireamh áfach gur mar cháilitheoir le dhá théarma lonnaíochta eaglasta atá sé cinn de na hainmneacha gaelacha seo, mar atá cill (5 logainm) — an téarma lonnaíochata eaglasta is comónta i logainmneacha (*Flanagan*, 1979, 1) — agus teampall (logainm amháin).<sup>3</sup>

I gcás na mbailte fearainn a bhfuil sloinnnte iontu is follas ón bhfianaise atá ar fáil gur logainmneacha deireannacha cuid acu. Tríd is tríd ní théann an fhianaise ar na logainmneacha áirithe seo siar níos sia ná docaiméidí na Suirbhéireachta Ordanáis (c.1840) — Mount Judkin cuir i gcás. I gcás amháin, Ashwell's-lot, tá fhios againn cé as ar hainmníodh an baile fearainn, mar Cornet John Ashwell's Lot a tugadh ar an áit i ngníomhas a cláraíodh sa mbliain 1827.

Níor breacadh síos foirm Ghaeilge ceann ar bith de na logainmneach seo in Ainmleabhair na Suirbhéireachta Ordanáis. Is cosúil nach raibh aon teacht ar fhoirm áitiúil Ghaeilge. Ar ndóigh i gcásanna áirithe ta seanfhianaise ar an sloinne sa cheantar, ní hionann is an logainm: Rosegreen, Faiche Ró cuir i gcás. Chomh luath leis an mbliain 1309, tá duine den ainm Henry



Rowe luaite in ionchoisne a tionólodh i gCaiseal (*CJR* IV. 127). 15 logainm atá rangaithe san aicme seo agam, mar atá, logainmneacha déanacha (nár gaelíodh) le sloinnte de bhunús gaelach (ar nós Carrollspark) agus le sloinnte neamhghaelacha. Níl sé i gceist agam iad a áireamh feasta.

Taobh amuigh de na logainmneacha áirithe sin, is í *baile* an mhír thosaigh is comónta i gcás fuilleach na mbailte fearainm. *Baile* atá mar chéad mhír i 25 logainm as 57 le sloinnte neamhghaelacha. As 15 baile fearainn le sloinnte gaelacha, is í *baile* an chéad mhír i 9 gcinn acu.

Ní théann na samplaí is sine de *bhaile* mar mhír i logainmneacha siar thar lár an 12ú haois (*Price*, 1963, 119), cé go raibh an bhrí *ionad cónaithe* leis an bhfocal le cúpla céad bliain roimhe sin (*Flanagan*, 1978, 9). Tháinig leathnú ar úsáid an téarma i logainmneacha nuair a déanadh ionannú idir é agus na téarmaí lonnaíochta angla-normannacha *villa* (Laidin), *tún* (Béarla) a cháilití le hainm an tionónta a raibh seilbh aige ar an mbaile. Dá bhrí sin tugann *baile* (ionann is *villa/tún*), nó téarma eile lonnaíochta, móide ainm angla-normannach le fios go raibh cónaí ar an té atá i gceist san áit. Sin é an fáth gur díol suntais é líon mór na n-ainmneacha angla-normannacha a fhaightear i logainmneacha na barúntachta seo.

Tá fianaise sheachtrach ann lena chois sin áfach, a léiríonn cérbh iad na tionóntaithe de stoc na Sean Ghall as ar hainmníodh na bailte fearainn. Seo roinnt samplaí (i ngach cás tugaim 1. foirm bhéarlaithe oifigiúil na Suirbhéireachta Ordanáis den logainm, 2. uimhir uimhreacha na leathanach léarscáile ar an scála 6 orlach: míle ina léirítear an baile fearainn, 3. foirm Ghaeilge bunaithe ar an bhfianaise, 4. fianaise as cáipéisí éagsúla ar an té a bhí i seilbh na háite): (a) Ballytarsna (Hackett) 53, Baile Tarsna an Haicéadaigh, 1303 Ballytarsin (Phillippus agus Henricus Hackett ina dtionóntaithe) *RBO* 49; (b) Milltownbritton 77, Baile na Mhuilinn, 1508 Ballywolin Ricardus Bretine *COD* 111, 334; (c) Graystown 54, Baile an Ghraeigh, 1305 Walter de Grey . . . of tenements in Greyetown *CJR* II.33; (d) Rathbrit 61, Ráth na Bhriotaigh, 1384 Robert Brit of Britesrath *COD* II. 198.

Tá fianaise sheachtrach de tsórt sin aimsithe agam is gcás 14 logainm le sloinnte de bhunadh angla-normannach, fianaise a léiríonn go raibh cónaí ar dhuine den ainm san áit. Tá samplaí eile thíos.

I gcás Peppardstown 62, Piobardún, gaelíoch an logainm de réir chomhréir an Bhéarla, .i. *Piobar* (ainm) móide-*dun* (an *tún* an Bhéarla),<sup>4</sup> in áit foirm Ghaeilge ar nós \*Baile an Phiobaraigh.<sup>5</sup> Níor déanadh ionannú idir *baile* agus *tún* sa gcás seo. Tá an logainm le fáil go rialta i gcáipéisí éagsúla ó thús an 13ú haois anall (na foirmeacha is sine ná: 1200c. Pipperton', Pippertun, Peppertun *Reg.St.J.* 310), agus is léir ó na foirmeacha seo agus ón leagan áitiúil Ghaeilge baile briodúnach<sup>6</sup> a breacadh in ainmleabhar na Suirbhéireachta Ordanáis (sa bhliain 1840) nach \*Baile an Phiobaraigh a bhí sa Ghaeilge. Sílim gur as foirm Ghaeilge ar nós Piobardún (><sub>8</sub>Priobardún; Briodúna(ch) sa ghinideach) a d'eascair an fhoirm chanúnach Ghaeilge Briodún thuas.

Toabh amuigh de logainmneacha le *baile/-dún* iontu, faightear téarmaí eile lonnaíochta i bhformhór na mbaile fearainn ina bhfuil sloinnte de bhunadh angla-normannach. Seo a leanas na téarmaí atá i gceist agam, mar aon le líon na mbailte fearainn i ngach cás: *ráth* 4, *graig* 3, *fearann* 3, *cnoc* 3, *gráinseach* 3, *caisleán* 2, *cloch* (=caisleán) 27, *garraí* 1, *stiall* (=stiall talún) 1, *gort* 1, *bán* 1, *ban* 1, *carráigin* (=caisleán) 1, *ceathrú* 1. Dá bhrí sin léiríonn logainmneacha ar nós Boytonrath 68, Ráth an Bhaightiúnaigh, Grangebarry 62, Gráig an Bharraigh, Butler's-land 70, Fearann an Bhuiltearaigh gur lonnaigh duine den ainm sin ann.<sup>8</sup>

Is eisceacht é an logainm Piobardún, foirm Ghaeilge Peppertown (thuasluaite) sa n-áit go bhfuil an fhoirm Ghaeilge úd bunaithe ar chomhréir an Bhéarla. Ar an gcuid is mó de cuireadh sloinnte na Sean Ghall i logainmneacha in oiriúint do chomhréir na Gaeilge, nuair is léir gur



gaelíoch an logainm.

Is féidir formhór na sloinnte angla-normannacha a rangú sna haicmí seo leanas de réir struchtúr a bhfoirmeacha Gaeilge. Bíonn an sloinne faoi réir ag ainmfhocal (*baile* etc.) a thagann chun tosaigh i ngach cás:

1. Sloinne a gaelíodh le struchtúr *mac* móide ainm dílis. Mar shampla:
  - (a) Castlelake 60, Baile Tarsna Mhic Fheorais, 1594 Ballytarsne McOryshe *COD V. 7.* (On ainm sinseartha angla-normannach Piers a tháinig Feoras).
  - (b) Gortmakellis 53, 61 Gorth Mhic Eilis, 1601 Gortmakellis *F 65349.*
2. Sloinne (sa ghinideach iolra) le foireann — (*e*)*ach* agus an t-alt roimhe: (a) Nodstown 52, 53, Baile na Nodach, 1540 Ballynenoddah *COD IV. 193.*
  - (b) Monameagh 61, Móin na Míoch, 1637 Rathnymiah *Inq. III.53.* (An Sloinne de Midia/Miagh atá anseo. On fhoirm Midheach a tháinig Míoch).
4. Sloinne (na ghinideach uatha) le foirceann *-igh* augs an t-alt roimhe: St. Johnstown 62, Baile an tSeánaigh, 1615 Bailintane *RIIS 286.*<sup>10</sup> Tá roinnt mhaith samplaí eile den struchtúr áirithe seo ar lgh. 3 agus 4 thuas. Go deimhin is é seo an struchtúr is comónta díobh ar fad. D'áireoinn 39 baile fearainn le sloinnte de bhunadh angla-normannach san aicme seo.<sup>11</sup>

Ní chuirtear foirceann ar bith le hainmneach dílse na Sean-Ghall i logainmneacha, ní hionann is na sloinnte is aicmí 2-4 thuas. Is é tá i gcuid de na hainmneacha seo ná leagan diorraithe (ar uairibh) de ainm, móide iarmhír dhíspeaghta, leithéidí: (a) Ballyhomuck 63, 71, Baile Thómac. (Foirm giorraithe de *Thomas* móide iarmhír dhíspeaghta — *uc*). (b) Josestown 70, 77, Baile Sheoisín (Jos/Josse móide iarmhír dhíspeaghta — *in*)<sup>12</sup>.

Uaireanta áfach ní léir cé acu an sloinne nó ainm dílis atá i gceist i logainmneacha. I gcás Castlehiggins 70, Caisleán an Huigínigh, is léir ón bhfianaise, go háirithe 1654 Castlehugguney CS 1. 180, gur sloinne le foirceann *-igh* atá ann (aicme 4 thuas).<sup>13</sup> Maidir le Higginstown 62, Baile Huigin/Baile an Huigínigh? áfach, dá mba shloinne é Higgin bheifí ag súil le ceann de struchtúir 2-4 thuas agus bheadh foirceann dá réir leis an ainm (leithéid \*Baile an Huigínigh). Ní léir áfach ón bhfianaise cén fhoirm Ghaeilge a bhí ann. Foirm *Bhéarla* amháin de logainm atá sa bhfianaise atá ar fáil, mar atá Higginstown (e) ó lár an 17ú haois. Níl foirm áitiúil Ghaeilge in Ainmleabhair na Suirbhéireachta Ordanáis ach oiread.

Sampla eile de mhearbhall céanna ná Everardsgrange 70. Everard's land a bhí ann sa bhliain 1607 (*CPR 112b*).<sup>14</sup> Tá neart samplaí de Everard mar shloinne i gcáipéisí riaracháin a bhaineann le Co. Thiobraid Arann ón 14ú haois amach.<sup>15</sup> Chun teacht ar leagan Ghaeilge den logainm táimid ag braith áfach ar fhoirmeacha ón 17ú haois is gcáipéisí stáit agus i léarscáilanna, ar nós Ballyeuerard *DS*. An foirm dhéanach, lochtach, í seo de struchtúr ar nós \*Baile an Eibhearardaigh (rud a léireodh gur sloinne é), nó an \*Baile Eibhearaird a bhí ann <sup>16</sup>

Is minic, mar sin, gur féidir idirdhealú a dhéanamh idir ainmneacha dílse agus sloinnte na Sean-Ghall i logainmneacha ar an gcaoi seo: má bhíonn foirceann leis an ainm (mar atá in aicmí 2-4 thuas) is sloinne é. Mura mbíonn foirceann leis an ainm (ar nós Baile *Thómac*) is iondúil gur ainm dílis é. Ní hamlaigh a bhíonn i gcónaí áfach. Chonaiceamar thuas gur féidir leis an bhfianaise atá ar fáil do logainmneacha a bheith chomh heasnamhach sin nach féidir a rá cén fhoirm Ghaeilge a bhí ann (ar nós Higginstown agus Everardsgrange).

I mbeagán cásanna is cosúil nár cuireadh foirceann le *sloinn*te a gaelíodh agus iad faoi réir ag ainmfhocail i logainmneacha. Mar shampla:



- (a) Carrigeen 62, Carraigín Bhreannóic, 1615 Crrigginbrenocke *CPR* 294b. William Brayncok of Carregyn *COD* II. 290 a bhí i seilbh na háite sa bhliain 1410. Dá bhrí sin, cé gur sloinne atá faoi réir ag *carraigín*, níl fianaise ar bith ann tríd síos de struchtúr ar nós 2-4 thuas.
- (b) Ballygerald 69, Baile Ghearaile. Is léir gur sloinne atá faoi réir ag *baile* anseo ó fhianaise ar nós:
- 1491 John Gerault ar Geraltystone *COD* III.270. Téann na foirmaha gaelaithe de logainm siar go 1500: Ballygerault *COD* III.272. Cé gur sloinne é, ní léir ón bhfianaise atá ar fáil in a lán cáipéisí gur struchtúr ar nós \*Baile an Ghearaltaigh a bhí sa Ghaeilge.<sup>17</sup>

Is dóigh liom gur léiriú é ar dhéine chóilíniú na nAngla-Normannach sa Trian Méanach líon mór na n-ainmneacha dá mbunadh a fhaightear sna logainmneacha i gcomparáid le hainmneacha gaelacha. Chonaiceamar fairis sin gur le téarmaí lonnáiochta a ghabhann na hainmneacha seo go hiondúil, agus gur féidir a chruthú i gcásanna áirithe go raibh duine nó daoine den ainm a bhunaítear sa logainm i seilbh na háite tráth.

De bharr athruithe a lean athmhúscailt na nGael sa 14ú agus sa 15ú haois a tháinig barúntachtaí an chontae mar is eol dúinn iad chun cinn, meastar. Ar ndóigh sa tréimhse seo freisin a gaelaíodh a lán de na sloinnté angla-normannacha. Chonaiceamar gur féidir na sloinnté seo a roinnt ó thaobh struchtúir de agus go dtagann na logainmneacha ina bhfuil siad le comhréir na Gaeilge go hiondúil.

### Giorúcháin

<i>AConn</i>	A.M. Freeman, <i>The Annals of Connacht</i> (1944)
<i>ARE</i>	J. O'Donovan (eag.) <i>Annals Rioghachta Eireann</i> ; . . . I-VII (1851).
<i>BSD</i>	<i>Books of Survey and Distribution</i> (in Oifig na dTaifead Poiblí, Baile Atha Cliath)
<i>CJR</i>	J. Mills (eag.), <i>Calendar of the Justiciary Rolls . . . of Ireland . . . I, II</i> (1905, 1914); H. Woods, A.E. Langman, M. Griffith <i>Calendar . . . III</i> (1956).
<i>COD</i>	E. Curtis (eag.), <i>Calendar of Ormond Deeds, 1172-1352, (etc.) I-VI</i> (1932-43).
<i>Cottle</i>	B. Cottle, <i>The Penguin Dictionary of Surnames</i> , (1987).
<i>CPR</i>	<i>Irish Patent Rolls of James I: . . .</i> (1966).
<i>CS</i>	R.C. Simington (eag.), <i>The Civil Survey A.D. 1654-1656 County of Tipperary</i> , I (1931), II (1934).
<i>DIL</i>	( <i>Contributions to a Dictionary of the Irish Language</i> , (1913-1976).
<i>DS</i>	W. Petty, <i>Down Survey</i> (Barony Maps-Hibernia Regnum).
<i>Ekwall</i>	E. Ekwall, <i>The Concise Oxford Dictionary of English Place-Names</i> , (1951).
<i>Empey, 1970</i>	C.A. Empey, <i>The Cantreds of Medieval Tipperary, Irisleabhar Seandálúíochta Tuadh-Mhumhan XIII</i> , (1970), 22-29
<i>Empey, 1985</i>	C.A. Empey, 'The Norman Period, 1185-1500', in William Nolan (eag.), <i>Tipperary: History and Society</i> (1985), 71-91.
<i>F</i>	<i>Calendar of Fiants of reign of Queen Elizabeth: App. to 11th Rep. of the Deputy keeper of the Public Records in Ireland (1879) — App. to 18th Rep. . . .</i> (1886).



- Flanagan, 1978 D. Flanagan, 'Common Elements in Irish Place-Names: Baile', *Bulletin of the Ulster Place-Names Society*, 2nd Series, I (1978), 8-13.
- Flanagan, 1979 D. Flanagan, 'Common Elements in Irish Place-Names: Ceall, Cill', *Bulletin of the Ulster Place-Name Society*, 2nd Series, II (1979), 1-8.
- Inq. *Inquisitions* (in Acadamh Ríoga na hEireann, Baile Atha Cliath)
- Price L. Price, 'A Note on the Use of the Word *Baile* in Place-Names'm *Celtica* VI, (1963), 119-125.
- RBO N.B. White (eag.), *The Red Book of Ormond*, (1932).
- Reg. St. J. Eric St. John Brooks (eag.), *Register of the Hospital of S. John the Baptist without the New Gate, Dublin* (1936).
- Rot. Pat. *Rotulorum Patentium et Clausorum Cancellariae Hiberniae Calendarium* (1828).
- RVis. M.A. Murphy (eag), 'Royal Visitation of Cashel and Emly, 1615', *Archivium Hibernicum* 1 (1912), 277-311.
- Tax. H.S. Sweetman (eag.), 'Taxation of the Diocese of Cashel' in *Calendar of Documents, Ireland* V (1886), 280-286, 316-318.

## Nótaí

<sup>1</sup>Feach *DIL* faoi 1 tríán.

<sup>2</sup>An t-eolas seo tógta as páipéar a léigh Nollaig O Muraíle, Oifigeach Logainmneacha, ag an séú comhdháil idirnáisiúnta den Léann Ceilteach i nGaillimh 1979 dar teideal 'The Placenames of County Limerick Regaelicized'. Níl an dáileamh cothrom de réir barúntachtaí áfach. I mBarúntacht Chois Sléibhe cuir i gcás, atá teorainneach le Contae Thiobraid Arann, tá sloinnte neamhghaelacha i logainmneacha beagán beag níos líonmhair ná sloinnte gaelacha.

<sup>3</sup>Is é an coibhneas atá idir ainmneacha dílse gaelach atá agus an chuid neamhghaelach i mbailte fearainn Cho. Luimnigh ná timpeall (5 in aghaidh 4). (O Muraíle, *op. cit.*)

<sup>4</sup>O thaobh sloinnte *de*, *-tun* an Bhéarla atá mar mhír dheiridh sa sloinne angla-normannach *de Stocton* (CJR 1.58, etc.). Ar logainm Béarla a bunaíodh an sloinne. Seo mar a mhíníonn *Ekwall* 423 an logainm (Stockton): Oe Stoc-tún 'Tún qirh or belonging to a stock'. Tá an sloinne seo le fáil i bhfoirm Ghaeilge Silverfort 61, Garraí an stocdúnaigh, 1544 Garrystockylltown *COD* III. 333.

<sup>5</sup>Tá baile fearainn den ainm Pepperstown, Baile an Phiobaraigh i gCo. Lú. Is í fhoirm áitiúil Ghaeilge a breacadh in ainmleabhar na Suirbhéireachta Ordanáis (1840) ná Baile an Phiobaraig.

<sup>6</sup>Tá *baile* ar ndóigh iomarcach sa chás seo, ó tharla gurb ionann é agus *-dún* ó thaobh céille. Ainm ar pharóiste sibhialta é Peppardstown chomh maith le baile fearainn. Seans go n-úsáidít *baile* sa gcás seo chun idirdhealú a dhéanamh idir an baile fearainn agus an paróiste.

<sup>7</sup>I gcás baile fearainn amháin acu seo, Clonacody 70, 77, Cloch an Mhoncóidigh, tá fianaise ann go raibh caisleán san áit (féach CS 1.193),

<sup>8</sup>Maidir leis na bailte fearainn ina bhfuil *ainmneacha dílse* neamhghaelacha faightear téarma lonnáiachta mar chéad eilimint iontu ar fad. Mar seo atá ó thaobh líon na mbailte fearainn *de: baile 7, fearann 3, garraí 1.*



<sup>9</sup>Aistriúchan é *mac de fitz* sa chás seo. Tá an t-ainm le fáil i gcáipéisí a bhaineann le Contae Thiobraid Arann sna meán aoiseanna. Mar shampla Gilbert Fitz Elias *COD* II.37. Is ionann Fitz Elys agus McElyot mar atá léirithe in *COD* II.234 ag an eagarthóir. Féach chomh maith Mac Lysahg, 1969, 82 faoi Mac Elligott.

<sup>10</sup>Sloinne eile angla-normannach, Scaddan, a bhí anseo sna tagairtí is sine. Féach cuir i gcás 1220c. *Villa Mauriti Scadan Reg.St.J.* 316. Chomh luath le 1355 tá tagairt de Johan de Saint John in Scadanestoun *Rot. Pat.* 56b. Ní fhaightear Sen Johnstowne mar lagainm áfach go dtí 1542 (*COD* IV.215).

<sup>11</sup>Maidir le bailte fearainn Cho. Luimnigh, seo é an struchtúr atá ag 73 baile fearainn as 82 a bhfuil sloinne neamhghaelacha iontu. Nollaig O Muraíle, *op. cit.*

<sup>12</sup>Is í an fhoirm is sine den logainm atá againn ná: 1547-53 Josingestown *COD* V.16. Ainm Briotáinise lodac atá anseo ó cheart, ónar shíolraigh an fhoirm Josse (*Cottle* 199 faoi Joyce). Tá foirmeacha ar nós David Joce *CJR* II 374, Richard Jos *CJR* III, 192 le fáil i gcáipéisí stáit abhus sa 14ú haois.

<sup>13</sup>Seans gur as *Hugh* móide iarmhír dhíspeagthat — in a tháinig an t-ainm seo. (Féach *Cottle* 189 faoi Huggin).

<sup>14</sup>Féach, 1306c. Manor of Everard *Tax* 282; ionann is Everardsgrange?.

<sup>15</sup>Mar shampla, 1305 Adam Everard *CJR* II.25.

<sup>16</sup>Faightear an mhír Grange, Gráinseach i bhfianaise an 17ú haois chomh maith: Mar shampla, Ballyeverard ats Everards Grange *BSD* 60.

<sup>17</sup>Is í an fhoirm Ghaeilge a scríobh Seán O Donnabháin i gceann de Ainmleabhair na Suirbhéireachta Ordaináis ná Baile Gheairilt. Is cosúil áfach gur ar fhoirmeacha scríofa, ar nós Ballygerald a bhí sé ag braith.

